Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

18 Nollaig 2023 Uimhir 18

Coiste na dTuismitheoirí: -

1. Ranganna Gaeilge:

Tá sé i gceist againn ranganna Gaeilge do thosaitheoirí agus ranganna comhrá a chur ar fáil do thuismitheoirí ar an Máirt nó ar an Déardaoin sa scoil ar a 8i.n. san athbhliain. Teastaíonn uainn an t-éileamh a thomhais anois. Léirígí bhur spéis tríd an nasc seo. Ranganna Gaeilge

2. Crannchur na Nollag:

Rinneadh Crannchur an Gheimhridh ráthúil le cúnamh na bpáistí ar scoil ar an Aoine. Táimid iontach buíoch as gach duine a rinne urraíocht ar an gcrannchur chomh maith leis na ranníocóirí ar fad a thug go fial dúinn ag am atá dúshlanach do gach duine. Táimid thar a bheith buíoch as bhur dtacaíocht.
Rachaidh an t-airgead seo ar fad ar acmhainní do chorpoideachas agus do mhata ar scoil.
Ár mbuíochas le;

ELY Maynooth

Supervalu Maynooth

Sphere Fitness

Golf Ireland Academy - Home of Better Golf

Dublin Herbalists

Celbridge Playzone

CleverCards

Weareinfinity.ie

3. Lotto na Scoile:

Comhghairdeas le hAedamar Whelan a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine an 15 lá de mhí na Nollag don dara seachtain i ndiaidh a chéile. Seasann an pota óir ar €925 anois. Go n-éirí le gach duine!

Parents' Committee:

1.Irish Classes:

We hope to run both beginners and conversational classes for parents in the school on a Tuesday or Thursday at 8p.m. in the new year. Express your interest through the following link. ***Ranganna Gaeilge***

2. Winter Raffle:

On behalf of the Parents Committee last Friday we held our very successful Winter Raffle in the school with the assistance of the school children.

We are so grateful to all those that sponsored the raffle and to all our contributors who donated so generously to the raffle in a time when things are difficult for everyone, we really do appreciate your support.
All funds raised through this event will go towards Maths and PE resources for the school. Thank you to;

ELY Maynooth

Supervalu Maynooth

Sphere Fitness

Golf Ireland Academy - Home of Better Golf

Dublin Herbalists

Celbridge Playzone

CleverCards

Weareinfinity.ie

3. Lotto:
Congratulations to Aedamar Whelan who won €20 and a box of chocolates on Friday 15th December for the second week in a row. The jackpot now stands at €925. The very best of luck to everyone.

Páirceáil:

Iarrtar ar gach duine páirceáil i gcarrchlós an CLG trasna an bhóthair agus gan parcáil ag geata na scoile nó ag an spás do na busanna. Bheimis thar a bheith buíoch as bhur gcomhoibriú leis seo agus iarraimid oraibh é seo a roinnt le bhur bhfeighlithe linbh chomh maith.

Parking:

We are asking everyone to please park in the GAA car park across the road and not to park at the school gates or in the bus spaces on the road. We very much appreciate your cooperation in relation to this and ask you to also inform your childminders.

Seóanna na Naíonán Mór:

Beidh Seó na Naíonán Mór ar siúl ina rang ar an Máirt ar a 12.30i.n.
De bharr brú spáis ní bheidh ach spás do bheirt in aghaidh an pháiste ar an lá. Beidh spás do na siblíní scoile ag an seó ar an Máirt. Déanfar taifead den seó ar an lá agus roinnfear é thar Seesaw.

Infant Shows:

The senior infant show will take place in their classroom on Tuesday at 12.30p.m.

Due to space restraints, there will only be space for two guests per child to attend. There will be space for the siblings in school to attend the show also. The show will be recorded and shared on Seesaw.

Seó na Naíonán Beag:

Beidh seó na Naíonán Beag ar siúl an Chéadaoin seo, 20 Nollag ar a 12.30i.n. De bharr easpa spáis, ní féidir ach le beirt in aghaidh an pháiste freastal ar an lá. Beidh deis ag siblíní scoile an seó a fheiceáil inniu. Déanfar taifead ar an Mháirt agus cuirfear an taifead seo ar Seesaw. Mura mian leat go mbeadh do pháiste mar chuid den taifead, d'iarrfaimis oraibh Múinteoir Clíona a chur ar an eolas trí ríomhphost.

Junior Infant Show:

The Junior Infant show will take place this coming Wednesday, 20th December at 12.30. Due to limited space, we can only accommodate two adults per child. Siblings will have an opportunity to see the show today, Monday . We will record the show on Tuesday and this will be available to you on Seesaw. If you do not wish your child to be recorded, please inform Múinteoir Clíona via email.

Laethanta Saoire an Gheimhridh:

Críochnóidh na páistí ar fad ar an Aoine bheag seo ar a 11.15r.n. do laethanta saoire an Gheimhridh. Athosclóidh an scoil ar an Luan an 8 lá de mhí Eanáir. Is féidir leis na páistí a n-éadaí scoile fein a chaitheamh ar an Aoine.

Winter Holidays:

All the children will finish school on Friday at 11.45a.m. for their Winter holidays. The school will reopen on Monday the 8th January. The children can wear their own clothes to school on Friday.

Buíochas ó Phóla:

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine ag deireadh an chéad téarma. Téarma iontach gnóthach a bhí ann agus tá gach duine tar éis obair go han-dian an téarma seo. Mar a deirimid go minic, ní neart go cur le chéile agus tá pobal iontach laidir againn i nGaelscoil Ruairí idir mhúinteoirí agus fhoireann na scoile, thuismitheoirí, choiste na dtuismitheoirí, Bhord Bainistíochta na scoile, chairde scoile agus dár ndóigh páistí iontacha. Tá súil agam go n-éireoidh le gach duine sos a ghlacadh le linn na laethanta saoire, tá sé tuillte go maith ag gach duine. Táim ag tnúth le gach duine a fheiceál ar ais ar scoil san athbhliain.

Thank you from Póla:

I would like to sincerely thank everyone at the end of this first term. It has been a busy term and everyone has worked extremely hard. As we often say, 'Ní neart go cur le chéile', there is no strength without unity. We have a very strong community in Gaelscoil Ruairí from teachers, to parents, parents' committee, Board of Management, friends, supporters and of course amazing children. I hope everyone succeeds in taking a break during the holidays as it has been well earned by everyone. I look forward to seeing everyone back in school in the new year.